Muintearas Teo
Tosra Oideachais Gaeltachta
Tír an Fhia, Leitir Mór, Co. na Gaillimhe
Fón: +353 91-551145/551300 Facs: +353 91-551277
Ríomhphost: muintearas@muintearas.com Idirlíon: www.muintearas.com

Scéim Árachais na gCampaí Samhraidh 2023

Tá árachas ar fáil ó Mhuintearas i mbliana d'eagraíochtaí / coistí atá ag eagrú campaí samhraidh agus atá ag déanamh iarratais faoi Scéim na gCampaí Samhraidh sa Ghaeltacht 2023, atá á riaradh ag Muintearas Teo. Tá idirbheartaíocht déanta againn le comhlacht árachais ionas gur féidir linn praghas réasúnach a thairiscint.

Is í aidhm na scéime árachais ná deis a thabhairt d' eagraíochtaí / choistí / chumainn atá ag eagrú campa samhraidh, árachas a fháil don champa sin ar phraghas réasúnach, agus a chinntiú go bhfuil árachas cuí ag na heagraíochtaí / coistí / cumainn do na himeachtaí a bheas a reáchtáil acu.

Ní ghearrfar táille árachais ar aon champa go dtí go mbeidh an campa críochnaithe.

I mbliana beidh **táille in aghaidh an duine** á ghearradh amach, mar seo a leanas:

€4.72 an pháiste i gcomhar Dliteanas Poiblí **(tobhach 5% san áireamh)**
€8.40 an chinnire i gcomhar Dliteanais Fostaí **(tobhach 5% san áireamh)**

Gearrfar táille bhreise do €10 ar aon athrú ar dátaí nó ar shuíomh an champa, chun teastas nua a chur ar fail.

Children €4.50 +5% =€4.72

Clúdaíonn an t-árachas gnáth-imeachtaí campaí samhraidh, ach **ní chlúdaíonn sé imeachtaí uisce, caisleáin spraoi nó a leithéid, imeachtaí in ionaid eachtraíochta / súgraidh** nó **imeachtaí atá á soláthar ag daoine nó ag gnólachtaí proifisiúnta**. (Má tá a thuilleadh soiléiriú ag teastáil maidir leis an gclúdach árachais, is féidir é sin a phlé le Muintearas Teo.)

Tá sé riachtanach cloí leis na beartais ar fad atá sonraithe i gCoinníollacha Scéim na gCampaí Samhraidh 2023, chun clúdach árachais a fháil faoin scéim seo.

Más mian le bhur n-eagraíocht leas a bhaint as an scéim seo chun árachas a ghlacadh do bhur gcampa samhraidh, ní foláir é sin a chur in iúl dúinn ar an **bhfoirm iarratais** agus sonraí an champa a líonadh isteach.

Tá sé riachtanach an t-eolas a bheith líonta isteach ina iomláine agus líon na rannpháirtithe agus cinnirí/oibrithe/oibrithe deonacha a mheastar a bheas ar an gcampa a líonadh isteach.

Maidir le líon rannpháirtithe agus cinnirí a mheastar a bheas ar an gcampa, ní foláir a mheabhrú gur eolas é seo atá ag teastáil chun an árachas a chur ar fáil.

Sa chás agus go nglacann eagraíocht leis an scéim árachais agus nach n-íocfar deontas leis an gcampa faoi Scéim na gCampaí Samhraidh sa Ghaeltacht 2023, is gá costas an árachais a íoc le Muintearas Teo.